



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13532/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0337(NLE)**

ACP 87
WTO 143
COAFR 323
RELEX 1100

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 559 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 559 final.

Faoi iamh: COM(2023) 559 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2023
COM(2023) 559 final

2023/0337 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo an ionstraim dlí chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) a shíniú idir Poblacht na Céinia, comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir (EAC), de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach (AE) ('CCE AE-na Céinia' nó 'an Comhaontú').

Cuireadh téacsanna caibidlíthe CCE ar fáil go poiblí ag an nasc seo a leanas: https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/east-african-community-eac/eu-kenya-agreement/text-agreement_ga.

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú forálacha CCE a chur chun feidhme go déthaobhach idir an tAontas agus Stáit Chomhpháirtíochta EAC (an Bhurúin, an Chéinia, Ruanda, an Tansáin agus Uganda), 'CCE AE-EAC', ar ina leith a cuireadh bailchríoch ar an gcaibidlíocht an 16 Deireadh Fómhair 2014. Shínigh an tAontas, an Chéinia agus Ruanda CCE AE-EAC i mí Mheán Fómhair 2016, agus dhaingnigh an Chéinia é an mhí chéanna. Mar sin féin, níor cuireadh CCE réigiúnach AE-EAC i bhfeidhm go sealadach riamh, ós rud é nár shínigh comhaltaí uile EAC an comhaontú agus nár dhaingnigh siad é (ar ceanglas é de chuid CCE AE-EAC maidir lena chur i bhfeidhm).

I mí Feabhra 2021, rinneadh cinneadh i nGnáthchruinniú mullaigh EAC na gCeann Stáit cead a thabhairt do thíortha aonair EAC dul ar aghaidh le cur chun feidhme déthaobhach CCE AE-EAC faoi phrionsabal na 'geoiméadrachta athraitheacha'. An 4 Bealtaine 2021, thug an Chéinia fógra don Choimisiún Eorpach inar iarr sí dul chun cinn sa chiall sin.

An 17 Feabhra 2022, shínigh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Valdis Dombrovskis, thar ceann an Aontais, agus an tAmbasadóir Raychelld Omamo, thar ceann na Céinia, Ráiteas Comhpháirteach ar imeall an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach inar comhaontaíodh caibidlíocht a chur chun cinn maidir le CCE AE-na Céinia, a bheidh fós ar oscailt do Stáit Comhpháirtithe eile de chuid EAC.

An chaibidlíocht arb é is aidhm di na coigeartuithe riachtanacha a thabhairt isteach chun forálacha CCE AE-EAC a chur chun feidhme go déthaobhach idir an Chéinia agus an tAontas Eorpach, tugadh i gcrích í an 24 Bealtaine 2023 ar an leibhéal teicniúil, agus an 19 Meitheamh 2023 ar an leibhéal polaitiúil le linn chuairt Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Dombrovskis ar an gCéinia. Le linn na caibidlíochta, chomhaontaigh na Páirtithe roinnt coigeartuithe ar an gcomhaontú bunaidh lena bhféadfaí é a chur chun feidhme ar bhonn déthaobhach, lena n-áirítear i réimse na Rialacha Tionscnaimh agus an chúnaimh forbartha. Thairis sin, cuireadh Iarscríbhinn nua maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe leis an gComhaontú.

Tá sé beartaithe an Comhaontú seo a thabhairt i gcrích go tráthúil.

Ar an gcéad dul síos, is príomhghníomhaí eacnamaíoch réigiúnach í an Chéinia agus tá a geilleagar ag fás. Is í an Chéinia an naoú geilleagar is mó de mhór-roinn na hAfraice agus príomh-mhol eacnamaíoch na hAfraice Thoir. D'éirigh léi fás leathan 4,8 % in aghaidh na bliana idir 2015-2019 a bhaint amach, rud a laghdaigh an bhochtaineacht go suntasach, ó 36,5 % in 2005 go 27,2 % in 2019. D'éirigh leis an ngeilleagar téarnamh láidir a bhaint amach tar éis phaindéim COVID-19, agus tuaradh fás OTI ag 5,5 % in 2022 agus tháinig meath ar ráta na bochtaineachta arís tar éis dó méadú níos luaithe le linn na paindéime. Ag féachaint chun cinn, tá fás meántéarmach na Céinia fós dearfach de réir an Bhainc Dhomhanda.

Meastar go n-ardóidh fíor-OTI go 5,0 % in 2023 agus 5,2 % ar an meán in 2024-25. Tá an réamhaisnéis fáis ghearrthéarmaigh seo os cionn ráta fáis OTI ionchasach measta na Céinia 4,9 % agus 5,0 % ar an meán a bhí ann roimh an bpaindéim (2010-2019). Meastar go dtiocfaidh fás ar fhíor-ioncaim *per capita*, ag méadú ó 2,8 % in 2022 go 3,1 %.

Ar an dara dul síos, is seanbhunaithe an caidreamh eacnamaíoch idir an tAontas agus an Chéinia. Is é an tAontas an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag an gCéinia. Ba é EUR 3,3 billiún an luach a bhí ag an trádáil iomlán idir an tAontas agus an Chéinia in 2022, méadú 27 % i gcomparáid le 2018. Is fiú EUR 1.2 billiún allmhairí a thagann isteach san Aontas ón gCéinia agus is glasraí, torthaí agus bláthanna iad den chuid is mó, agus tá sé ar intinn ag an gCéinia earraí is casta fós a onnmhairiú agus an breisluach ar earraí onnmhairiúcháin a mhéadú. Is EUR 2.02 billiún an luach ar onnmhairí an Aontais chuig an gCéinia agus is táirgí mianraí, táirgí ceimiceacha agus innealra iad den chuid is mó. Is ionchuir thábhachtacha iad sin agus é ar intinn ag an gCéinia a hearnálacha tionsclaíocha a dhoimhniú. Is é an tAontas an chéad cheann scríbe onnmhairiúcháin don Chéinia, agus 16 % dá honnmhairí iomlána in 2022 faighte aige, agus Uganda (12 %) agus SAM (8 %) ina dhiaidh sin. Rangaítear an tAontas sa tríú háit le 10 % allmhairí iomlána na Céinia.

Le comhaontú trádála leis an gCéinia — lena gcumhdaítear trádáil in earraí, comhar um fhorbairt agus inbhuanaitheacht — dhéanfaí sciar margaidh an Aontais i margadh faoina bhfuil borradh mór a chaomhnú agus dlús a chur leis agus neartófaí seasamh na Céinia sa réigiún¹. Spreagfadh caidreamh an Aontais leis an gCéinia an tír chun léirscaoileadh trádála a chur chun cinn laistigh de réigiún EAC (ós rud é go mbeidh an Comhaontú fós ar oscailt d'aontachas Stáit Comhpháirtíochta EAC eile).

Ar an tríú dul síos, ó thaobh dearcadh níos geopholaitiúla de, is mó an ról ceannasach réigiúnach agus idirnáisiúnta atá ag an gCéinia ná riamh — go háirithe maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a chur chun cinn sna tíortha comharsanacha agus maidir le tacú leis an gclár oibre inbhuanaitheachta domhanda. Tá an Chéinia sainaitheanta ag an Aontas mar phríomhghníomhaí a bheidh níos rannpháirtí i ngnóthaí réigiúnacha, go háirithe san Aetóip agus sa tSúdáin². Is sa Chéinia atá an t-aon cheanncheathrú de chuid na Náisiún Aontaithe ar mhór-roinn na hAfraice (Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe/UNEP agus Clár na Náisiún Aontaithe um Lonnaíochtaí don Duine/UN-Habitat) agus bhí suíochán sealadach aici ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2021-2022). Ina theannta sin, tá an Chéinia ina ceannródaí sna hiarrachtaí ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht ar mhór-roinn na hAfraice agus is comhghuaillí iontaofa í sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Tá sí ina comhcheannaire ar Chomhghuaillíocht na nAirí Trádála maidir leis na tionscnaimh Aeráide a seoladh in 2023 in éineacht leis an Aontas agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile.

I bhfianaise an chomhthéacs pholaitiúil idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, agus an chaibidlíocht sin á tabhairt i gcrích go tráthúil le comhpháirtí tábhachtach amhail an Chéinia, is comhartha láidir é sin freisin ar an tiomantas comhphárteach atá ann do chóras trádála atá bunaithe ar rialacha agus inbhuanaitheacht.

¹ Le linn 2015-2019, bhí meánfhás eacnamaíoch na Céinia ar 5,7 %, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na geilleagair is mó fás san Afraic Fho-Shahárach. Chuir timpeallacht mhaicreacnamaíoch chobhsaí, muinín dhearfach in infheisteoirí agus earnáil seirbhísí athléimneacha borradh faoi fheidhmíocht an gheilleagair. (foinse: an Banc Domhanda).

² I mí na Bealtaine 2021, sainaitníodh an Chéinia sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice mar chomhpháirtí tábhachtach chun clár oibre de luachanna agus leasanna comhroinnte a shaothrú, an tsíocháin agus an tslándáil, an rathúnas agus an chobhsaíocht dhaonlathach a chur chun cinn sa réigiún, chomh maith leis an iltaobhachas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na cuspóirí thuasluaite comhsheasmhach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas *‘lánpháirtíú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile’*³.

Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo i gcomhréir go hiomlán le huaimhian an Aontais a chaidreamh trádála le comhpháirtithe na hAfraice a chothú mar a leagtar síos i straitéis an Aontais maidir leis an Afraic (2020)⁴, in Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála (2021)⁵ agus sa Teachtaireacht maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála Inbhuanaithe (2022)⁶.

Go háirithe, leis an togra seo, cuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC), de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile⁷ (‘Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE’) i bhfeidhm, rud lena n-iarrtar Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a thabhairt i gcrích.

Go deimhin, tá sé d’aidhm ag an gComhaontú seo forálacha CCE AE-EAC a chur chun feidhme go déthaobhach faoi phrionsabal na ‘geoiméadrachta athraitheacha’. Beidh an Comhaontú fós ar oscailt d’aontachas Stáit Comhpháirtíochta eile de chuid EAC.

Rinneadh CCE idir an tAontas agus an Chéinia a chomhtháthú go sainráite freisin mar phríomhsprioc den idirphlé straitéiseach idir an tAontas agus an Chéinia, a seoladh i mí an Mheithimh 2021, agus is cuid ríthábhachtach é de straitéis rannpháirtíochta an Aontais don Afraic.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na cuspóirí comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe beartais forbartha agus beartais chomhshaoil an Aontais.

Is comhaontú trádála atá dírithe ar fhorbairt é CCE na Céinia. Cuireann sé rochtain neamhshiméadrach ar an margadh ar fáil don Chéinia, rud a fhágann gur féidir léi earnálacha íogaire a chosaint ar léirscaoileadh; soláthraíonn sé líon mór coimirí agus clásal maidir le cosaint naithionscal; agus cuirtear deireadh leis an úsáid a bhaintear as fóirdheontais onnmhairiúcháin sa trádáil idir na Páirtithe. Cuireann na forálacha sin le cuspóir an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt agus tá siad comhsheasmhach le hAirteagal 208(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Thairis sin, áirítear leis an gComhaontú iarscríbhinn uaimhianach Trádála agus Forbartha Inbhuanaithe lena gcumhdaítear saincheistanna comhshaoil, sóisialta, saothair, cearta an duine agus comhionannas inscne. Dá bhrí sin, tá cuspóirí an Chomhaontaithe i gcomhréir le

³ Airteagal 21(2)(e) CAE.

⁴ TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ‘I dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic’, [communication-eu-africa-strategy-join-2020-4-final_en.pdf](https://eur-lex.europa.eu/communication-eu-africa-strategy-join-2020-4-final_en.pdf) (europa.eu)

⁵ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach [EUR-Lex - 52021DC0066 - EN - EUR-Lex](https://eur-lex.europa.eu/eur-lex-52021DC0066-EN-EUR-Lex) (europa.eu)

⁶ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0409&qid=1656586727707>

⁷ IO L 317, 15.12.2000, Ich. 3 Comhaontú arna leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, Ich. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, Ich. 3).

beartais chomhshaoil, aeráide agus shóisialta an Aontais agus le gealltanais a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

• Bunús dlí

I gcomhréir le Tuairim 2/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le CCE idir an tAontas agus Singeapór an 16 Bealtaine 2017, thiocfadh na réimsí uile a chumhdaítear leis an gcomhaontú saorthrádála faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus, go háirithe, faoi raon feidhme Airteagal 207 CFAE.

Dá bharr sin, síneoidh an tAontas an Comhaontú seo de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(5) CFAE.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

An CCE seo mar a cuireadh i láthair na Comhairle, ní chumhdaítear leis aon ábhar nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

• Comhréireacht

Is iomchuí an modh iad na comhaontuithe trádála chun rochtain ar an margadh agus réimsí gaolmhara an chaidrimh eacnamaíoch chuimsithigh le tríú tír lasmuigh den Aontas a rialú. Níl aon rogha eile ann chun gealltanais den sórt sin agus iarrachtaí léirscaoilte den sórt sin a dhéanamh ceangailteach ó thaobh an dlí.

Leis an tionscnamh seo saothraítear go díreach cuspóir an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil ‘an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre’. Tá sé i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh chun dul i gcaidreamh le páirtithe eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Rannchuidíonn sé le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais.

• An rogha ionstraime

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le síniú comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d’fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Tá sé d’aidhm ag an CCE seo cur chun feidhme déthaobhach a dhéanamh ar fhorálacha comhaontaithe saorthrádála réigiúnaigh atá tugtha i gcrích cheana féin (an CCE AE-EAC). Tá

sé i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta nuashonraithe⁸. Ar na cúiseanna sin, níl feidhm ag na ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr.

D'fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir le meastóireacht *ex-post* ar an gComhaontú amach anseo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

Tionóladh cur i láthair ar an Iarscríbhinn maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a ghabhann leis an gComhaontú (arb é an t-athrú is suntasaí i gcomparáid le CCE AE-EAC) do pháirtithe leasmhara i gcomhthéacs Comhphlé leis an tSochaí Shibhialta i mí an Mhárta 2023.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ag an gcéim seo. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an gComhaontú seo cur chun feidhme déthaobhach a dhéanamh ar fhorálacha comhaontaithe saorthrádála réigiúnaigh atá tugtha i gcrích cheana féin (EPA AE-EAC), ní gá measúnuithe tionchair breise a dhéanamh faoin mbosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr.

Roimhe seo, seoladh Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta do gach CCE in 2002. Le toradh an Mheasúnaithe Tionchair Inbhuanaitheachta sin, cumhdaíodh an chaibidlíocht maidir le Creat CCE AE-EAC, a tugadh i gcrích in 2007 (FEPA), agus maidir leis an trádáil chuimsitheach earraí CCE AE-EAC a tugadh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Tar éis thabhairt i gcrích CCE AE-EAC i mí Dheireadh Fómhair 2014, rinneadh ‘anailís eacnamaíoch ar an toradh a caibidlíodh’ in 2018 chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch atá ag CCE AE-EAC ar na Páirtithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an Comhaontú seo faoi réir nósanna imeachta REFIT; ní thiocfaidh aon chostas ar FBManna an Aontais dá bharr; agus ní chruthaítear aon fhadhb leis ó thaobh na timpeallachta digítí de.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Tairbhíonn an Chéinia cheana féin den Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh lena dtugtar rochtain atá saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí ar mhargadh an Aontais, mar atá faoi

⁸ CINNEADH (AE) 2020/13 ÓN gCOMHAIRLE an 19 Nollaig 2019 lena leasaítear na treoracha caibidlíochta chun Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le tíortha agus réigiúin na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin a chaibidliú, a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht an Aontais, IO L6/101, 10.1.2020. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2020.006.01.0101.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2020%3A006%3ATOC

CCE. Bhí sé d'aidhm ag RRM rochtain ar mhargadh an Aontais a thabhairt do na tíortha ACC sin a rinne iarracht CCE a thabhairt i gcrích, a shíniú agus a dhaingniú, ar tíortha iad nach bhféadfadh é a chur i bhfeidhm go sealadach faoi dheireadh ar chúiseanna eile seachas a dtoilteanas. B'amhlaidh an cás i gcás na Céinia le CCE AE-EAC 2014, nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm go sealadach toisc nár shínigh comhaltaí uile EAC CCE agus nár dhaingnigh siad é.

Dá bhrí sin, ní bheidh aon impleacht bhuiséadach ann ós rud é go leanfaidh an Comhaontú ar aghaidh leis an rochtain atá ag an gCéinia ar mhargadh an Aontais sna téarmaí céanna.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear sa Chomhaontú forálacha institiúideacha lena mbunaítear comhlachtaí aireachta, oifigigh shinsearach agus comhlachtaí teicniúla chun maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme, ar a oibriú agus ar a thionchar, sin a stiúradh agus tacú leis agus chun an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh.

Ar leibhéal na n-airí, bunófar Comhairle CCE agus beidh sé de chumhacht aici cinntí a dhéanamh agus moltaí a ghlacadh. Tabharfaidh Coiste na nOifigeach Shinsearach cúnaimh di maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm CCE agus measúnú a dhéanamh ar a thionchar ar na páirtithe.

Ar an leibhéal teicniúil, féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach aon choiste speisialaithe, aon seisiún oibre, aon tascfhórsa nó aon chomhlacht a chur ar bun chun déileáil le hábhair a thagann chun cinn faoin gcomhaontú. Le forálacha an chomhaontaithe, cuireadh Coiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála ar bun ar theacht i bhfeidhm dó, ar Coiste é a dhéanfaidh faireachán ar chur chun feidhme agus riar na bhforálacha maidir leis an gComhar Custaim agus Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh. Thairis sin, cuirfear Comhphlé Cuimsitheach maidir le Talmhaíocht agus Beartas Forbartha Tuaithe ar bun a mbeidh sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar i gcur chun feidhme na caibidle Talmhaíochta agus fóram a chur ar fáil le haghaidh malartú agus comhar maidir le beartais talmhaíochta intíre na bPáirtithe faoi seach. Maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, bunófar Coiste Speisialta um Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe ar a theacht i bhfeidhm agus cuirfear de chúram air cur chun feidhme na hIarscríbhíne a éascú, chomh maith le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air.

Tabharfaidh an Comhaontú ról d'ionadaithe na sochaí sibhialta (an earnáil phríobháideach, comhlachais ghnó, ceadchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha) i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena n-áirítear maidir leis na forálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. Cuirfear Grúpaí Comhairleacha Baile ar bun, grúpaí ina mbeidh ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí chomh maith le ceadchumainn atá gníomhach faoi chúrsaí eacnamaíochta, faoin bhforbairt inbhuanaithe, faoi chúrsaí sóisialta, faoi chearta an duine, faoi chúrsaí comhshaoil agus faoi ábhair eile. Tiocfaidh siad le chéile go rialta agus cuirfidh siad comhairle ar an bpáirtí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Ina theannta sin, bunófar Coiste Comhairleach - *comhchomhlacht* comhairleach don tsochaí shibhialta ina mbeidh na Grúpaí Comhairleacha Baile rannpháirteach - agus cuideoidh sé le Coiste na nOifigeach Sinsearach d'fhonn comhphlé

agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na sochaí sibhialta, na hearnála príobháidí agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha ar ábhair a thagann chun cinn faoin gComhaontú.

Ar deireadh, clúdóidh Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú an CCE AE-na Céinia ó tháinig sé i bhfeidhm.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú seo *de-facto* forálacha an iar-chomhaontaithe a caibidlíodh le comhaltaí CCE in 2014 a chur chun feidhme. Tugann sé isteach na coigeartuithe is gá chun an CCE réigiúnach a chur chun feidhme ag comhalta aonair de EAC agus is féidir le haon tír eile de chuid EAC páirt a ghlacadh ann amach anseo. Tugadh cothrom le dáta é freisin chun é a ailíniú leis na dúshláin atá ann faoi láthair, mar shampla, an inbhuanaitheacht a chur chun cinn trí iarscríbhinn uailmhianach maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a chur san áireamh agus an chaibidil maidir le Comhar agus Forbairt Eacnamaíoch a thabhairt cothrom le dáta.

Tá forálacha in CCE AE-na Céinia maidir le trádáil earraí, custaim agus maidir le héascú trádála, bacainní teicniúla ar thrádáil, bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta, talmhaíocht agus iascach, comhar um forbairt, díospóidí a sheachaint agus a réiteach, agus iarscríbhinn maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. Tá dhá Ráiteas Chomhpháirteacha sa Chomhaontú freisin i ndáil le hinfheidhmeacht fhorálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe agus fhorálacha Rialacha Tionscnaimh faoi seach.

Déantar foráil sa Chomhaontú go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- Taraifí a bhaint go neamhshiméadrach: i gcás ina dtugann an tAontas saor-rochtain ar a mhargadh trí tharaifí agus cuótaí a bhaint (seachas airm), osclóidh an Chéinia a margadh de réir a chéile, agus í ag tairbhiú d'idirthréimhsí agus d'eisiamh táirgí íogaire ó léirscaoileadh.
- Cuirfear trádáil an dá pháirtí i bhfeidhm faoi Rialacha Tionscnaimh an Rialacháin maidir le Rochtain ar an Margadh ar bhonn sealadach (a bhfuil feidhm aige cheana maidir leis an gCéinia) go dtí go ndéanfar Prótacal nua Rialacha Tionscnaimh a chaibidliú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus laistigh de chúig bliana ó chur chun feidhme CCE. Beidh an Prótacal nua sin maidir le Rialacha Tionscnaimh bunaithe ar Rialacha Tionscnaimh CCE AE-EAC, mar a fhoráiltear sa Ráiteas Comhpháirteach maidir le Rialacha Tionscnaimh.
- Forálacha lena mbreithnítear riachtanais forbartha na Céinia, mar shampla, coimircí speisialta maidir le talmhaíocht, bearta maidir le slándáil bia agus cosaint naíthionscail.
- Forálacha a bhaineann le custaim a bhfuil sé d'aidhm acu trádáil a éascú, reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim níos fearr a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do riarachán custaim na Céinia agus comhar idir institiúidí custaim a fheabhsú.
- Forálacha maidir le sláintíocht agus fiteashláintíocht chun comhchuibhiú caighdeán idir-réigiúnach a chur chun cinn agus chun acmhainn theicniúil na Céinia a fheabhsú.

- Caibidil maidir le Comhar Eacnamaíoch agus Forbartha ina bhfuil forálacha a bhfuil sé d’aidhm acu iomaíochas gheilleagar na Céinia a fheabhsú trí acmhainneacht soláthair a fhorbairt agus trí chúnamh a thabhairt don Chéinia chun CCE a chur chun feidhme go rianúil. Caomhnaíodh an bhunchaibidil de CCE EAC den chuid is mó, leis na nuashonruithe is gá. Cuireadh isteach Iarscríbhinn a bhaineann go sonrach leis an gCéinia agus leis an Aontas Eorpach agus léirítear inti na hathruithe ar théacs an chomhaontaithe réigiúnaigh.
- Iarscríbhinn thiomnaithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe lena gcumhdaítear saothar, comhionannas inscne, chomh maith le hábhair chomhshaoil agus aeráide lena ngabhann gealltanais cheangailteacha infhorfheidhmithe (trí shásra sonrach um réiteach díospóidí). Ní áirítear sa Chomhaontú an fhéidearthacht oibleagáidí faoin iarscríbhinn maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a chur ar fionraí go sealadach (i.e. ‘smachtbhannaí’ a fhorchur). Mar sin féin, sa Ráiteas Comhpháirteach maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, gheall an tAontas agus an Chéinia go sainráite go leanfadh siad den chaibidlíocht maidir leis an ngné sin i gcomhthéacs an chláisail ‘*rendez-vous*’.

Déanfar athbhreithniú ar an gComhaontú seo gach cúig bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm. Áirítear i dtéacs CCE gealltanais dul i mbun caibidlíocht maidir le réimsí nua atá le cur san áireamh in CCE (‘clásal *rendez-vous*’), lena n-áirítear forálacha maidir le trádáil i seirbhísí, agus rialacha a bhaineann le trádáil lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt inbhuanaithe, beartas iomaíochta, infheistíocht agus forbairt san earnáil phríobháideach, cearta maoinne intleachtúla, trédhearcacht sa soláthar poiblí. Beartófar torthaí na caibidlíochta maidir leis na réimsí sin a chur isteach laistigh de chúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Meitheamh 2002, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin.
- (2) Tugadh an chaibidlíocht idir an tAontas Eorpach (AE) agus Stáit Comhpháirtíochta Chomhphobal Oirthear na hAfraice ('EAC') (Poblacht na Burúine, Poblacht na Céinia, Poblacht Ruanda, Poblacht Aontaithe na Tansáine, agus Poblacht Uganda) maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) i gcrích an 14 Deireadh Fómhair 2014 agus cuireadh inisealacha le CCE EAC an 16 Deireadh Fómhair 2014.
- (3) Dhaingnigh an Chéinia EPA AE-EAC agus shínigh sí é i mí Mheán Fómhair 2016. Ionas go dtiocfaidh CCE réigiúnach i bhfeidhm, ní mór do gach comhalta de EAC an comhaontú a shíniú agus a dhaingniú. Go dtí seo, níor shínigh agus níor dhaingnigh trí chomhalta de CCE an comhaontú fós agus, dá bhrí sin, cuirtear cosc ar an gcomhaontú réigiúnach teacht i bhfeidhm.
- (4) An 19 Nollaig 2019, thug an Chomhairle teoracha caibidlíochta 2002 ón gCoimisiún cothrom le dáta trí chaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a chur san áireamh in CCEnna.
- (5) An 27 Feabhra 2021, i gCruinniú Mullaigh EAC tugadh cead do thíortha aonair EAC dul ar aghaidh le cur chun feidhme déthaobhach CCE EAC faoi phrionsabal na 'geoiméadrachta athraitheacha'. An 4 Bealtaine 2021, thug an Chéinia fógra don Choimisiún inar iarr sí dul chun cinn a dhéanamh sa chiall sin.
- (6) An 17 Feabhra 2022, shínigh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Valdis Dombrovskis, thar ceann an Aontais, agus an tAmbasadóir Raychelld Omamo, thar ceann na Céinia, Ráiteas Comhpháirteach ar imeall an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach inar comhaontaíodh caibidlíocht a chur chun cinn maidir le CCE AE-na Céinia ('an Comhaontú'), a bheidh fós ar oscailt do Stáit Comhpháirtithe eile de chuid EAC.
- (7) An 24 Bealtaine 2023, tugadh i gcrích an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Chéinia.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear don Choimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile a shíniú, ar choinníoll go gcuirfean an Comhaontú i gcrích tráth níos déanaí.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine arna sonrú ag idirbheartaí an Chomhaontaithe.

Airteagal 3

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*